


## Nótaí an Mhúinteora

Cuireadh na nótaí seo i dtoll a chéile chun tuilleadh faisnéise a thabhairt maidir le conas na ceisteanna atá in *CensusAtSchool*, a foilsíodh den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2016, a fhreagairt.

Tabhair faoi deara: Más mian leat na ceisteanna ar líne a sheiceáil sula n-iarrfaidh tú ar na scoláirí an tasc a chur i gcrích, bain úsáid as an bhfocal “TÁSTÁIL” sa bhosca “Ainm na Scoile” agus ansin is féidir an tsraith sin sonraí a aithint go héasca sna sonraí a thugann tú ar ais.

Tá Uimhreacha Rolla liostaithe de réir contae. Mura féidir leat do scoil a aimsiú, tabhair treoir do do scoláirí an chéad iontráil “Níl an Uimhir Rolla liostaithe” a úsáid.

Úsáidfean d’ainm úsáideora chun na sonraí a chuir do scoláirí isteach a aisghabháil. Mar sin, tá sé tábhachtach go gcuireann gach duine an t-aon ainm úsáideora isteach san aon fhormáid, i.e. litreacha cás íochtair amháin gan aon spásanna.



The screenshot shows three sections of the online survey interface:

- Roghnaigh Uimhir Rolla do Scoile:** A dropdown menu with the text "Please choose" and a question mark icon. Below it is a link: "Mura bhfuil tú eolach ar d'Uimhir Rolla Scoile, fiafraigh de do mhúinteoir le do tholl".
- Cuir isteach Ainm Úsáideora do Mhúinteora:** A text input field with a question mark icon. Below it is a link: "M.sh. mkelly4451. Mura bhfuil tú eolach air seo, fiafraigh de do mhúinteoir le do tholl".
- Cuir isteach ainm do Scoile:** A text input field.

Go hidéalach, ba chóir do na scoláirí cóip chrua den cheistneoir a chomhlánú sula gcomhlánóidh siad an ceistneoir ar líne. Ba chóir, go háirithe, na pointí seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- Ba chóir na tomhais choirp a ghlacadh roimh ré mar go gcabhróidh sé sin leis an seisiún iontrála sonraí a bhrostú. Ba chóir go dtógfadh sé sin 25 nóiméad san iomlán. Feic *Treoir maidir le Tomhais a Ghlacadh CensusAtSchool*.
- Cuir i gcuimhne do na scoláirí gur gá dóibh an barra sleamhnáin a bhogadh ionas gur féidir freagra a thairgeadh ar cheisteanna sleamhnáin sa cheistneoir ar líne, fiú má bhogann siad é ar ais chuig an suíomh bunaidh. Mura ndéanann siad é sin, glacfar leis sa chóras nár freagraíodh an cheist agus ní bheidh an scoláire in ann dul ar aghaidh chuig an gcéad leathanach eile dá bharr.

### Cineálacha Sonraí sa Cheistneoir Seo

Tugtar sonraí de chineál ainmniúil catagóireach sna ceisteanna seo a leanas: C1, C3, C4, C6(b), C8(a), C10(b), C11, C12, C13, C14, C15, agus C17. Tugtar sonraí de chineál catagóireach orduimhriúil sna ceisteanna seo a leanas: C2(b), C8(b), C9 agus C10(a). Tugtar sonraí uimhriúla sna ceisteanna eile ar fad.

Tugtar sonraí scoite uimhriúla sna ceisteanna seo a leanas: C2(a).

Is sonraí leanúnacha uimhriúla atá sna sonraí uile a thugtar le haghaidh tomhais fhisiciúla, ama agus airgid ar líne, e.g. C5, C6(a), C7, C16. Mar sin féin, is sonraí scoite uimhriúla atá i gcuid díobh sin freisin.

**Sonraí Aonathráideacha agus Sonraí Dé-athráideacha**

*Sonraí aonathráideacha:*

Is féidir na cineálacha anailíse geografacha seo a leanas a úsáid le haghaidh sonraí aonathráideacha:

	Catagóireach	Scoite Uimhriúil	Leanúnach Uimhriúil
Línebhreacadh	✓	✓	✓
Barrachairt	✓	✓	
Tábla Minicíochta	✓	✓	✓
Histeagram			✓
Píchairt	✓	✓	
Léaráid Ghais is Duillí		✓	✓

Sonraí athráideacha

Is féidir le scoláirí scaipghraim a tharraingt chun imscrúdú a dhéanamh ar ghaolta idir dhá athróg, mar shampla, airde agus síneadh ingearach, etc.

**Ceisteanna a Fhreagairt agus a Léirmhíniú**

**C5:** Is é atá sa cháipéis *Treoir maidir le Tomhais a Ghlacadh CensusAtSchool* ná faisnéis agus léaráidí atá an-soiléir maidir le conas is féidir le scoláirí oibriú le chéile chun na tomhais atá ag teastáil don cheist seo a bhailiú. D'fhéadfadh sé bheith fiúntach trí limistéar a bhunú sa seomra ranga roimh ré ionas gur féidir le foghlaimeoirí na nithe seo a leanas a thomhas iontu:

- A. airde (gan bhróga) agus síneadh ingearach;
- B. lámh-réise agus fad na coise deise;
- C. imlíne do rosta.

**C8-14:** D'fhéadfadh na ceisteanna seo scoláirí a spreagadh le níos mó taighde a dhéanamh faoi Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, Athrú Aeráide, Athchúrsáil agus Fuinneamh In-athnuaite.

**C16:** Agus úsáid á baint as sonraí ón gceist seo, táthar ag súil go ndéanfaidh scoláirí agus múinteoirí iniúchadh ar mhalartú airgeadra agus go neartófaí a dtuiscint air.